Co-funded by the European Union



# Cáipéis Chúlra

Bunaíodh **na Líonraí Tagartha Eorpacha (LTEnna)** in 2017 i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2011/24/AE.[1] Faoi láthair, tá **24 líonra fhíorúla** ann lena n-áirítear 1613 aonad cúraim sláinte faoi leith agus 380 ospidéal ar fud an Aontais, agus iad uile **dírithe ar ghalair neamhchoitianta** aimpléiseacha. Is é Bord na mBallstát do LTEnna comhlacht rialaithe chóras na LTEnna, arb iad Údaráis Inniúla Sláinte Bhallstáit an AE agus na hIorua a ainmníonn na comhaltaí ann.

In 2019, rinne Bord na mBallstát an chéad anailís inmheánach ar an idirghníomhaíocht idir LTEnna agus na córais náisiúnta cúraim sláinte agus leag béim sa ráiteas a tháinig as sin **'gur gá na LTEnna a nascadh le córais cúraim sláinte na mBallstát ar bhealach soiléir cobhsaí chun feidhmiú cuí agus inbhuanaithe na LTEnna a áirithiú agus chun gach leas is féidir a chinntiú d'othair atá ag fulaingt ó ghalair neamhchoitianta aimpléiseacha ar fud an AE'.** Anuas air sin, rinneadh measúnú in 2021 ar chur i bhfeidhm na Treorach maidir le Cúram Sláinte Trasteorann, agus ar cheann de na pointí a bhí le feabhsú bhí 'bealaí chun cinn a leagan amach, i gcomhairle leis na Ballstáit, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh na Líonraí Tagartha Eorpacha (lena n-áirítear **comhtháthú** na Líonraí Tagartha Eorpacha i **gcórais náisiúnta cúraim sláinte**, agus i gcláir othar)'.[2]

JARDIN Joint Action on Integration of ERNs into National Healthcare Systems

European Reference Networks

Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin agus chun cabhrú leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach, sheol an Coimisiún, **faoin gClár Oibre Bliantúil EU4Health 2022**, Gníomhaíocht Chomhpháirteach a mhairfidh 3 bliana, 2024-2027, **chun tacú le comhtháthú LTEnna i gcórais náisiúnta cúraim sláinte na mBallstáit**, le buiséad comhchistithe deiridh de bheagnach EUR 19,000,000,00.



[1] Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cur i bhfeidhm chearta othar i gcúram sláinte trasteorann. IO L 88, 4.4.2011, lgh 45–65.

[2] TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le hoibriú Threoir 2011/24/AE maidir le cur i bhfeidhm chearta othar i gcúram sláinte trasteorann. Leagan deiridh de COM/2022/210.

Co-funded by the European Union

JARDIN

# Príomhréimsí

**Feasacht a ardú faoi ghníomhaíocht LTEnna**: ábhar faisnéise spriocdhírithe maidir le LTEnna a fhorbairt agus feachtais faisnéise chuimsitheacha a dhearadh chun an fhaisnéis sin a scaipeadh ar **dhá spriocghrúpa**: (1) **othair agus a ngaolta** agus (2) **pearsanra leighis**, go háirithe iad a oibríonn ag leibhéal an chúraim phríomhúil.
**WP2. Institiúid Cheannais: Fondúireacht um Thaighde Bithleighis Ospidéal Ollscoile La Paz (FIBHULP), an Spáinn.**

Moltaí a fhorbairt ar **shamhlacha rialaithe náisiúnta maidir le galair neamhchoitianta** agus **córais dearbhaithe cáilíochta** atá oiriúnaithe do na cineálacha éagsúla de chórais cúraim sláinte náisiúnta san Eoraip.
**WP5. Institiúidí Comhcheannais: Institiúid Ortaipéidice Rizzoli (IOR) agus Ospidéal Ollscoile Pisan (AOUP), an Iodáil; agus Ollscoil Leighis Vín (MUW), an Ostair.**

**Cnuasach a fhorbairt de shamhlacha de chonairí cúraim do ghalair neamhchoitianta** agus do ghrúpaí de ghalair neamhchoitianta agus de mholtaí maidir le heagrú conairí cúraim náisiúnta, córais atreoraithe LTEnna agus cuimsiú comhairle CPMS maidir le galair neamhchoitianta aimpléiseacha.
**WP6. Institiúidí Comhcheannais: Ospidéal Ollscoile Vilnius Santaros Klinikos (VULSK), an Liotuáin; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), Éire; agus Ollscoil Leighis Vín (MUW), an Ostair.**


**Samhlacha** agus **moltaí** a fhorbairt le haghaidh (a) **Líonraí Tagartha Náisiúnta**, nó straitéisí coibhéiseacha do ghalair neamhchoitianta aimpléiseacha, agus (b) **Cláir Náisiúnta um Ghalair Neamhdhiagnóisithe** nó straitéisí coibhéiseacha, agus iad araon nasctha lena gcomhtháthú i Líonraí Tagartha Náisiúnta.
**WP7. Institiúidí Comhcheannais: Ospidéal Ollscoile Tübingen (UKT), an Ghearmáin; agus Ollscoil Leighis Vín (MUW), an Ostair.**

Réitigh agus moltaí infheidhmithe a fhorbairt maidir le **comhroinnt sonraí i réimse na ngalar neamhchoitianta** a sháróidh bacainní eagraíochtúla, teicniúla agus dlíthiúla, go háirithe chun tacú le comhtháthú córas sláinte náisiúnta agus bainistíocht sonraí LTEnna.
**WP8. Institiúidí Comhcheannais: An Aireacht Saothair, Sláinte, Dlúthpháirtíochta agus Teaghlach (DGOS), an Fhrainc; agus Ionad Leighis Ollscoil Leiden (LUMC), an Ísiltír.**


**Tacaíocht do sholáthraithe cúraim sláinte agus d'ionaid LTE**: Anailís ar dhea-chleachtais agus ar mheicníochtaí chun tacaíocht a sholáthar do sholáthraithe cúraim sláinte a óstálann LTE ar leibhéal náisiúnta chomh maith le hionaid LTE faoi leith ar leibhéal ospidéil agus moltaí comhfhreagracha a fhorbairt.
**WP9. Institiúid Cheannais: Ospidéal Ollscoile Ginearálta i bPrág (GUH), Poblacht na Seice.**

# Príomhthorthaí tuartha agus an tionchar a bhfuil súil leis

**Dea-chleachtais maidir le LTEnna a chomhtháthú i gcórais náisiúnta cúraim sláinte a shainaithint, a chur chun cinn agus a leathnú agus a n-inbhuanaitheacht a chinntiú**



**Barainneacht scála a bhaint amach chun seirbhísí níos fearr a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí**



**Cinntí bunaithe ar fhianaise a éascú maidir le heagrú cúraim sláinte do dhaoine a bhfuil riochtaí neamhchoitianta aimpléiseacha orthu**



**Teagmháil:** https://jardin-ern.eu/ jardin@meduniwien.ac.at

#EU4Health

© 2025 JARDIN Joint Action on integration of ERNs into national healthcare systems| EU4H-2022-JA2-IBA-05 | 101129863